



2019/2156(INI)

3.6.2020

TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar ról AE i leith foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú
(2019/2156(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Juozas Olekas

(*) Coiste comhlachaithe – Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur i bhfáth, cé gurb iad na feirmeoirí atá ag a chroílár maidir lenár riachtanais bhunúsacha talmhaíochta agus bia a sholáthar, go bhfuil a gcuid oibre ag brath ar acmhainní nádúrtha amhail an ithir, an t-uisce agus foraoisí; ag tabhairt dá aire a ríthábhachtaí atá sé ilfheidhmiúlacht na bhforaoisí a shainaithint chun ár n-oidhreacht dhomhanda foraoise a bhainistiú go cuí; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil na gnéithe eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil – ó tháirgeadh traidisiúnta adhmaid agus táirgí eile, go seirbhísí éiceachórais, an bhithéagsúlacht agus sochair chomhshaoil eile amhail ionsú agus stóráil charbóin, lena gcuirtear cosc ar chreimeadh ithreach agus ar cháilíocht fheabhsaithe an aeir agus an uisce – go léir nasctha agus idirspiléach; á chur i bhfáth go mbíonn gá ag gnéithe den sórt sin le cur chuige iomlánaíoch agus comhleanúnach ó thaobh foraoisí a chosaint, a athchóiriú agus a bhainistiú agus i ndul i ngleic le fadhb an dífhoraoisithe de;
2. á mheabhrú gurb eol do go leor feirmeoirí gur dlúthchuid agus cuid riachtanach den tírdhreach gurb ea foraoisí dá bhfeidhmeanna ábhartha éiceolaíochta, eacnamaíochta agus sóisialta, agus go ndearna siad a ndícheall riamh anall chun foraoisí a chosaint, a úsáid agus a athghiniúint, agus go leanann siad de sin a dhéanamh i láthair na huaire; ag tabhairt dá aire go ndearna pobail áitiúla agus dhúchasacha áirithe úsáid a bhaint as teicnící feirmeoireachta traidisiúnta leis na céadta bliain chun foraoisí a chaomhnú, leis an tuiscint ar leith a bhí acu ar úsáid inbhuanaithe na talún; ag cur béim ar an bhfíoras, i roinnt mhaith áiteanna ar fud an domhain, go bhfuil cearta na bpobal agus na ndaoine sin faoi bhagairt;
3. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil 30% de dhromchla an domhain faoi fhoraois agus gur sna foraoisí sin atá 80% de bhithéagsúlacht an domhain; á chur i bhfíoras gur cosaint aeráide de chineál gníomhach gurb ea caomhnú agus úsáid inbhuanaithe foraoisí agus go bhfuil sé bunriachtanach do dhea-bhaill ár sochaí agus ceantar tuaithe agus go bhfuil ról lárnach ag foraoisí trópaiceacha go háirithe sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus nach foláir iad a chosaint dá réir sin; á athdhearbhú agus á chur in iúl gur geal leis an ráiteas ón gCoimisiún a leagtar amach ina theachtairacht an 23 Iúil 2019 dar teideal ‘Dlús a chur le Gníomhaíocht AE chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú (COM(2019)0352) agus gur nithe iad na foraoisí cianaosta agus príomhúla nach bhfuil a gcomhshamhail le fáil; ag tathant go mba cheart go ndéanadh an tuiscint sin taca a chur faoi phléití ar bheartais agus straitéisí agus éifeachtacht fhorfheidhmiú an dlí chun na héiceachórais sin agus a n-iarsmaí a chaomhnú agus a athbhunú in AE agus in áiteanna eile;
4. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha dó, in ainneoin iarrachtaí AE agus a Bhallstát, gur dóigh nach ndéanfar gealltanais AE i leith deireadh a chur le dífhoraoisí faoi 2020 mar chuid de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh, agus ag tacú go láidir, dá bhrí sin, leis an gCoimisiún ina thogra i leith dlús a chur leis an ngníomhaíocht i gcaomhnú agus in athbhunú foraoisí an domhain; á thabhairt chun

suntais go bhfuil allmhairí dífhoraoisithe corpraithe atá nasctha le barra agus táirgí beostoic ina spreagadh suntasach don dífhoraoisíú ó thaobh na talmhaíochta de; á chur i bhfios go láidir, chomh maith le tráchtearraí talmhaíochta, go rannchuidíonn amhábhair eile freisin leis an dífhoraoisíú ar mhórsála agus go mbeidh gá le limistéir d'fhoraoisí slána a bheidh mór go leor a chur i leataobh agus a chosaint chomh maith agus is féidir chun maolú a dhéanamh ar an tionchar diúltach atá ag na hamhábhair sin chun na próisis éiceolaíocha ar mhórsála a chothabháil, ar próisis iad atá ríthábhachtach chun foraoisí a chur in oiriúint don athrú aeráide; ag cur béim ar an bhfioras, thairis sin, nach foláir na forálacha dlíthiúla agus rialacha cur chun feidhme atá cheana ann i dtaca le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus shóisialta táirgthe a chur i gcrích go hiomlán chun go mbeidh siad éifeachtach; á mheas nach foláir do AE díriú ar an leibhéal éilimh atá ann ar thráchtearraí a bhfuil riosca d'fhoraoisí ag baint leo, lena n-áirítear sa talmhaíocht, trí níos mó foinsiú áitiúil a chur chun cinn agus trí thacú leis an úsáid a bhaintear as stoc cothabhála dleathach agus a fhoinsítear go hinbhuanaithe, le tuilleadh béime á chur ar innilt atá bunaithe ar fhéarach;

5. á chur i bhfáth go laghdaítear an acmhainneacht ceaptha carbóin le dífhoraoisíú na bhforaoisí báistí atá á thiomáint ag an athrú ar úsáid na talún agus go rannchuidítear go suntasach, dá bhrí sin, leis an ardú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa;
6. á chur i bhfios go bhfuil difríocht shuntasach ann idir na ceithre phríomhscéim deimhniúcháin ola pailme (RSPO14, ISCC15, MSPO16 agus ISPO17) a mhéid a bhaineann lena gceanglais, a n-éifeachtacht, a nglacadh agus a dtrédhearcacht; á thabhairt chun suntais go ndearnadh na neamhréireachtaí ar ann dóibh ina gcur chun feidhme agus ina bhforfheidhmiú a thabhairt chun solais agus nach ndéantar na saincheisteanna comhshaoil agus sóisialta go léir a ndírítear orthu sna cuspóirí polaitiúla atá leagtha síos ag AE agus na Náisiúin Aontaithe a chumhdach in aon cheann de na córais; á iarraidh, ar bhonn práinne, go ndéanfaí na scéimeanna deimhniúcháin a choigeartú dá réir sin agus go ndéanfaí iarrachtaí diongbháilte chun slabhraí soláthair a bheadh saor ó dhífhoraoisíú a fhorbairt;
7. á aithint á thábhachtaí atá bainistiú fóna foraoise agus talmhaíochta; á mheas, thairis sin, nach foláir do gach gníomh breise díriú ar shaincheisteanna amhail úsáid na talún agus cleachtais bhainistithe neamh-inbhuanaithe, déileáil le suaitheadh nádúrtha agus athrú aeráide a mhaolú, agus dul i ngleic le dífhoraoisíú; á chur i bhfáth go mbaineann dianchostais chomhshaoil agus shóisialta leis an saincheisteanna sin, lena n-áirítear cailliúint na bithéagsúlachta i ngeall ar scriosadh agus ilroinnt gnáthóg nádúrtha (lena n-áirítear iad siúd ar speicis iad atá i mbaol), agus go bhfuil tionchar diúltach acu ar shlite beatha na bpobal áitiúil trí neamhaird a dhéanamh dá gcearta agus leasanna;
8. ag tabhairt dá aire go bhfuil an tábhacht shóisialta agus eacnamaíoch a bhaineann leis an talmhaíocht ag leathnú de réir mar a mhéadaíonn daonra an domhain agus go bhfuil gá le tuilleadh bia agus tráchtearraí talmhaíochta a tháirgeadh agus an t-athrú aeráide á mhaolú ag an am céanna; ag tabhairt dá aire gur cúis bhuartha dó an meastachán go gcailltear 14% de bhia an domhain i ngeall ar fhómhar, marú agus iarrachtaí ar dhul chun cinn¹ agus á chur i bhfáth an gá atá le gníomhaíochtaí comhleanúnacha chun caillteanas bia agus cur amú bia ag gach céim den bhiashlabhra a chosc agus chun

¹ <http://www.fao.org/food-loss-and-food-waste/ga/>

freagairt go mear do ghéarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ina siocair le ganntanas bia;

9. ag tabhairt aird ar Dhearbhú Aireachta Katowice maidir le Foraoisí ar mhaithe leis an Aeráid de chuid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCC) ar ghlac an pobal idirnáisiúnta leis ar an 12 Nollaig 2018, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá foraoisí agus úsáid adhmaid chun an aeráid a chosaint agus lena leagtar síos na saincheisteanna sin i gcomhthéacs cuspóirí agus cinní idirnáisiúnta eile a bhaineann le foraoisí; ag tabhairt dá aire, amhail a luaitear sa dearbhú, nach féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ach amháin trí bhainistiú ilfheidhmeach agus gníomhach a dhéanamh ar fhoraoisí, a chiallaíonn straitéis bhainistíochta lena gcuirtear san áireamh agus lena mbaintear cothromaíocht amach idir na cuspóirí uile a bhaineann le foraoisí, amhail stóráil charbóin, speicis agus cosaint ithreach, eastóscadh amhábar, fóillíocht agus táirgeadh bia;
10. á chur i bhfáth ról lárnach na foraoiseachta, mar aon leis an bhfeirmeoireacht, i mbainistiú acmhainní nádúrtha agus úsáid na talún i gceantair thuaithe AE agus an domhain; á aithint, i ndáil leis sin, an éagsúlacht atá ann i mbainistiú foraoise, úinéireacht foraoise, agraforaoiseacht agus sna deiseanna atá ann idir na Ballstáit;
11. á chur i bhfáth an gá atá le cláir thacaíochta a thabhairt isteach chun ithreacha díghrádaithe atá mí-oiriúnach don bhfeirmeoireacht a athshlánú agus a ath-chomhtháthú sa timthriall foraoise nó talmhaíochta;
12. á chur i bhfáth an gá atá le táirgeadh na n-earraí a fhoinsítear go hinbhuanaithe agus an úsáid a bhaintear astu a chur chun cinn trí shlabhraí soláthair an dífhoraoisithe nialasaigh a spreagadh agus trí tháirgí nach gcomhlíonann caighdeáin an Aontais nó lena gcuirtear le dífhoraoisiú a thoirmeasc ó theacht isteach i margadh an Aontais; á chur i bhfáth, gur gá dícheall cuí éigeantach agus critéir inbhuanaitheachta atá ceangailteach ó thaobh an dlí de a thabhairt isteach do thráchtearraí a mbaineann riosca foraoise leo, chun inrianaitheacht agus trédhearcacht sa slabhra soláthair a bhaint amach, ar mhaithe le feabhas a chur ar inrianaitheacht agus trédhearcacht sa slabhra soláthair agus chun cosaint a thabhairt ar fheiniméin lena mbaintear leas as rianú neamhleor; ag tabhairt dá aire, thairis sin, an gá atá leis na gealltanais a tugadh i nDearbhú Nua-Eabhrac maidir le Foraoisí de chuid UNFCC a urramú; á chur i bhfáth, thairis sin, an buntáiste atá le gnóthú trí chóras deimhniúcháin de chuid AE a thabhairt isteach chun gur féidir allmhairithe a chur ar fionraí láithreach má bhraitear réimsí an dífhoraoisithe leo trí íomhánna satailíte; ag tabhairt dá aire go bhféadfaí córas lipéadaithe agus deimhniúcháin a thabhairt isteach le haghaidh táirgí atá saor ó dhífhoraoisiú a allmhairítear isteach san Aontas agus an ghné atá saor ó fhoraoisiú a ionchorprú i gcomhaontuithe trádála an Aontais agus i gcomhaontuithe iltaobhacha eile; ag tabhairt dá aire gur ann do scéimeanna lipéadaithe deonacha agus cineálacha eile i gcás adhmaid agus táirgí eile i roinnt tíortha; go bhfuil sé den tuairim, áfach, go rannchuideodh córas uileláithreach le feacht a mhéadú agus léargas cainníochtúil araon a thabhairt ar na treochtaí ar fud an domhain;
13. á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh go rialta ina gcumhdófaí treochtaí an dífhoraoisithe agus an saothrú ar limistéir ardstoic carbóin, amhail tailte portaigh, i dtríú tíortha;

14. á chur i bhfáth an gá atá ann leanúint den bhithgheilleagar inbhuanaithe a chur chun cinn, mar aon leis an ionadú is gá a dhéanamh ar ábhair iontaise-bhunaithe agus ar thomhaltas earraí a fhoinsítear ar bhealach inbhuanaithe trí chóras lipéadaithe agus deimhniúcháin a thabhairt isteach maidir le táirgí atá saor ó dhífhoraoisiú a allmhairítear isteach in AE agus an ghné atá saor ó fhoraoisiú a ionchorprú i gcomhaontuithe trádála AE agus i gcomhaontuithe iltaobhacha eile;
15. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé comhpháirtíocht chuimsitheach a bhunú le tríú tíortha chun bainistiú inbhuanaithe talún agus talmhaíochta a neartú mar aon le dea-rialachas, go háirithe maidir le tionacht talún agus foraoise, ós rud é gur freagrachtaí rialtais iad sin maidir le dífhoraoisiú a chomhrac nach féidir le geallsealbhóirí seachtracha dul i ngleic leo ach go páirteach; á mheabhrú nach foláir do chur chuige comhpháirtíochta lena dtacaítear le rialachas níos fearr, cearta na bpobal dúchasach, na sealbhóirí beaga agus na bpobal áitiúil a urramú, agus próisis ilgheallsealbhóra a chumasú i dtíortha is táirgeoirí; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé slabhraí luacha talmhaíochta inbhuanaithe trédhearcacha a bhunú trí bhíthin comhaontuithe trádála nach gceadaítear do tháirgí talmhaíochta nach gcomhlíonann caighdeáin agus luachanna AE ó thaobh cosaint foraoisí de, rochtain a bheith acu ar an Aontas; á chur i bhfios go láidir an gá atá le clásail choimirce a chur san áireamh i gcomhaontuithe trádála a dhéanfar amach anseo lena ligfear do AE allmhairithe táirgí gaolmhara ó réigiúin nó ó thíortha ina mbreathnaítear dífhoraoisiú a bheith iontu a chur ar fionraí; á chreidiúint, thairis sin, gur cheart forálacha ceangailteacha agus in-fhorfheidhmithe a áireamh i gcomhaontuithe den sórt sin chun foraoisí a chosaint agus chun cosaint i gcoinne sárúithe ar chearta an duine, go háirithe maidir le tionacht an phobail;
16. ag cur san áireamh tacaíocht dhomhanda chun éiceachórais foraoise an domhain a chosaint, lena n-áirítear an fiadhúlra agus a ngnáthóga, agus gníomhaíocht phráinneach á hiarraidh chun foraoisí a chosaint ar fud an domhain agus chun slabhraí soláthair inbhuanaithe a áirithiú;
17. á iarraidh go gcuirfí toirmeasc ar gach táirge a spreagann dífhoraoisiú ar fud an domhain ó dhul isteach i margadh inmheánach AE;
18. ag moladh cur chun feidhme na mbeart tacaíochta atá ceaptha chun táirgiúlacht talmhaíochta a mhéadú i spriochtíortha chun an brú sóisialta agus eacnamaíoch a bhaineann le dífhoraoisiú agus saothrú tailte portaigh a laghdú;
19. á chur i bhfáth gur spreagadh tábhachtach ó thaobh dífhoraoisí de í an ola phailme ar scála scanrúil don talmhaíocht tráchtála i dtíortha in Oirdheisceart na hÁise, agus go gcuirtear leis an dífhoraoisiú i Meiriceá Theas trí shaothrú soighe do chothú ainmhithe;
20. á chur i bhfios go láidir an gá atá le dul chun cinn suntasach breise a dhéanamh maidir le straitéis AE um plandaí próitéine a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus táirgeadh stóinsithe plandaí próitéine in AE a áirithiú chun baol an dífhoraoisithe a bhaineann leis na barra sin i réigiúin eile ar domhan a theorannú agus chun an spleáchas ar allmhairí a laghdú agus chun an brú atá ar fhoraoisí mar gheall ar athrú úsáid na talún a laghdú; á chur i bhfáth gur cheart an dul chun cinn sin a dhéanamh, *inter alia*, trí uainíocht na mbarr a ghlacadh ar bhonn níos leithne agus tacaíocht agus treoir a bheith ag gabháil leis d'fheirmeoirí i limistéir a bheadh oiriúnach do shaothrú plandaí próitéine agus go

laghdófaí leis an ngníomhaíocht sin, an spleáchas ar allmhairí, dífhoraoisiú, díghrádú agus ar an mbrú atá ar fhoraoisí mar gheall ar athrú úsáid na talún; á iarraidh, dá bhrí sin, go dtabharfaí isteach critéir inbhuanaitheachta d'allmhairí próitéine plandaí;

21. ag moladh don Choimisiúin a áirithiú go ndéanfar ardán il-gheallsealbhóirí a chuimseoidh na geallsealbhóirí ábhartha go léir a chomhtháthú i gcreat dlíthiúil;
22. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé na córais atá cheana ann a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh amhail Plean gníomhaíochta AE i ndáil le Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí, comhaontuithe comhpháirtíochta deonacha le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, clár na Náisiún Aontaithe chun Astaíochtaí ó Dhífhoraoisiú agus ó Dhíghrádú Foraoise a Laghdú (REDD+) agus reachtaíocht reatha amhail an Rialachán Adhmaid², chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le córais dheonacha atá ann faoi láthair a chur chun cinn; á chur i bhfáth go bhfuil na córais sin tábhachtach chun an t-ualach riaracháin atá ar na Ballstáit a laghdú, chun an t-aistriú eolais a éascú, agus chun feasacht agus tuiscint ar an bhfreagracht a mhéadú i measc tíortha comhpháirtíochta lasmuigh de AE, agus, go háirithe, chun aghaidh a thabhairt ar dhlíthiúlacht adhmaid trí rialacháin a fhorfheidhmiú ar bhonn stóinsithe agus tráthúil in AE agus in áiteanna eile araon;
23. den tuairim gur cheart aghaidh a thabhairt ar na nithe is siocair leis an dífhoraoisiú i gcreat beartais AE, lena n-áiríteofar, dá bhrí sin, comhleanúnachas beartas a bhaineann le foraoisí agus lena laghdófar an brú atá ar fhoraoisí; den tuairim go spreagfadh creat beartais den sórt sin feirmeoireacht níos nuálaí, níos inbhuanaithe agus níos éifeachtúla laistigh agus lasmuigh de AE, agus go laghdódh sé cailiteanas bia tríd an mbiashlabhra trí theicneolaíochtaí nua; á chur i bhfios gur féidir na spriocanna atá leagtha amach sa chreat a bhaint amach trí rochtain éasca a thabhairt d'fheirmeoirí ar mhaoiniú ionas gur féidir leo teicneolaíochtaí ceannródaíochta feirmeoireachta ardchruinnis a fháil; á mheas gur cheart aghaidh a thabhairt ar an ardéileamh atá ar bhia trí chúnaimh teicniúil, trí chomhar idir eagraíochtaí talmhaíochta agus trí aistriú eolais;
24. ag cur béim ar an bhfíoras nach foláir go mbeadh úsáid á baint as cleachtais chomhtháite bainistithe foraoisí ar fud an domhain mar thoradh ar athstruchtúrú na foraoiseachta, ós rud é nach féidir leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na foraoiseachta ilfheidhmí ach ar an mbealach sin amháin; ag tabhairt dá aire go bhfuil bainistiú comhtháite foraoisí bunaithe ar tháirgeadh inbhuanaithe adhmaid mar amháibhar nádúrtha agus ar shaothrú acmhainneacht inbhuanaithe gach cineál adhmaid;
25. ag cur béim ar an bhfíoras ar a thábhachtaí atá bainistiú inbhuanaithe foraoisí, lena n-áirítear oiliúint, laistigh de AE agus i dtírú tíortha, mar ghné ríthábhachtach chun ioncam úinéirí foraoise, daoine a chónaíonn nó a oibríonn i bhforaoisí agus feirmeoirí a chleachtann an agraforaoiseacht, feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht agus ar cheapadh carbóin laistigh d'fhoraoisí a áirithiú agus athléimneacht na bhforaoisí a fheabhsú; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá sé tacú le húinéirí foraoise agus, go háirithe, na dálaí d'úinéirí foraoise beaga a chur san áireamh;
26. á thabhairt chun suntais ról na gcóras agraforaoiseachta, lena n-áirítear féarach fairsinge adhmaid, i gcaomhnú na bithéagsúlachta, i maolú agus in oiriúnú don athrú

² IO L 295, 12.11.2010, lch. 2.

aeráide mar chleachtas lena mbaineann acmhainneacht ard chun carbón a cheapadh; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh sé gur foinse thábhachtach beatha d'ainmhithe é sin le linn tréimhsí tirime agus chun an táirgeadh a éagsúlú, lena n-áirítear chun críocha an bhithgheilleagair; á chur i bhfáth go léirítear i staidéir allamuigh go n-úsáideann an agraforaoiseacht an talamh ar bhealach níos éifeachtúla ná cleachtais mhonachuraíochta agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé d'acmhainn aige an brú atá ar éiceachórais eile a laghdú, lena n-áirítear foraoisí; á iarraidh go n-athrófaí na rialacha chun athghiniúint agus athbhunú na gcóras agraforaoiseachta atá cheana ann a éascú, agus á iarraidh go mbunófaí cinn nua;

27. ag cur béim ar an bhfíoras gur cuid lárnach de chosaint na bhforaoisí é an brú atá ar thomhaltas a laghdú; ag cur béim ar an bhfíoras, i dtaca leis sin, gur cheart úsáid chascáideach adhmaid mar amháibhar a spreagadh; á chur i bhfíos nach soláthraíonn adhmaid ach seirbhísí éiceolaíochta i dtáirgí fadsaoil, amhail troscán nó foirgnimh;
28. á chur i bhfáth gur cheart forálacha a bheith i gcomhaontuithe trádála le tíortha lasmuigh den Aontas maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí agus fiontraíocht fhreagrach, chomh maith le gealltanais maidir le cur chun feidhme éifeachtach Chomhaontú Pháras;
29. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha dó na tuairiscí faoi lománaíocht neamhdhleathach, agus faoi ghníomhaíocht choiriúil ghaolmhar eile atá dírithe ar fhoraoiseoirí agus ar mhaoirseoirí foraoise, i dtríú tíortha agus in AE; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de bheith ag gníomhú go cinntitheach chun lománaíocht neamhdhleathach a chosc agus a chomhrac, go háirithe i bhforaoisí cianaosta deireanacha na hEorpa, agus reachtaíocht ábhartha AE atá cheana ann a fhorfheidhmiú agus, ar an gcaoi sin, smachtbhannaí comhréireacha, athchomhairleacha agus éifeachtacha a chur i bhfeidhm i gcás sáruithe ar dhlí an Aontais;
30. á chur i bhfíos go láidir gur gá feasacht an phobail a mhúscailt maidir leis na tionchair shóisialta agus eacnamaíochta a bhíonn ag an lománaíocht neamhdhleathach agus ag coireanna a bhaineann le foraoisí;
31. á chur i bhfáth go bhfuarthas amach i dtuarascáil na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil dar teideal 'An Comhshaol Eorpach – Staid agus Ionchas 2020' nach bhfuil stádas caomhantais fabhrach ach ag aon trian de na gnáthóga foraoise atá liostaithe faoin Treoir maidir le Gnáthóga³ agus gur beag feabhas atá tagtha ar stádas caomhnaithe gnáthóg foraoise agus speiceas foraoise ó 2013 i leith, in ainneoin chur chun feidhme Straitéis Foraoise AE; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le hacmhainní leordhóthanacha chun na suíomhanna sin a bhainistiú agus chun forfheidhmiú na Treorach maidir le Gnáthóga a áirithiú.

³ IO L 206, 22.7.1992, lch. 7.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	26.5.2020
Toradh na vótála críochnaithí	+: 31 -: 13 0: 4
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Álvaro Amaro, Eric Andrieu, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Mara Bizzotto, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Dino Giarrusso, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Juozas Olekas, Pina Picierno, Maxette Pirbakas, Bronis Ropè, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener, Juan Ignacio Zoido Álvarez
Comhaltai ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Manuel Bompard, Anja Hazekamp, Pär Holmgren, Peter Jahr, Zbigniew Kuźmiuk, Christine Schneider, Sylwia Spurek, Marc Tarabella, Hilde Vautmans

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

31	+
ECR	Mazaly Aguilar, Krzysztof Jurgiel, Veronika Vrecionová
ID	Gilles Lebreton, Maxette Pirbakas,
GUE/NGL	Manuel Bompard, Luke Ming Flanagan, Anja Hazekamp
NI	Dino Giarrusso
RENEW	Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Jérémy Decerle, Martin Hlavacek, Elsi Katainen, Ulrike Müller, Hilde Vautmans
S&D	Clara Aguilera, Eric Andrieu, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Carvalhais, Paolo De Castro, Juozas Olekas, Pina Picierno, Marc Tarabella
VERTS/ALE	Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Pär Holmgren, Bronis Ropé, Sarah Wiener

13	-
ID	Ivan David
PPE	Álvaro Amaro, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jaroslaw Kalinowski, Norbert Lins, Marlene Mortler, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Christine Schneider, Annie Schrijer-Pierik, Juan Ignacio Zoido Álvarez

4	0
ECR	Bert-Jan Ruissen
ID	Mara Bizzotto, Angelo Ciocca
PPE	Anne Sander

Eochair do na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh